C/2026/4719

3.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12330 — KIMBERLY-CLARK / KENVUE)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4719)

1. An 25 Lúnasa 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Kimberly-Clark Corporation ('Kimberly-Clark', na Stáit Aontaithe),

— Kenvue Inc. ('Kenvue', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Kimberly-Clark rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Kenvue ina iomláine.

Is trí bhíthin ceannach scaireanna a dhéanfar an comhchruinniú.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Kimberly-Clark gníomhach ar fud an domhain maidir le táirgeadh agus díol táirgí cúraim phearsanta le haghaidh úsáid phearsanta, ghnó agus thionsclaíoch. In LEE, soláthraíonn Kimberly-Clark clúidíní do naíonáin agus do leanaí, táirgí neamhchoinneálachta d'aosaigh, agus táirgí sláinteachais do mhná. I measc bhrandaí Kimberly-Clark tá Huggies agus Kotex,

— Tá Kenvue gníomhach maidir le monarú agus soláthar táirgí sláinte tomhaltóirí. In LEE, soláthraíonn Kenvue drugaí thar an gcuntar, táirgí sláinte craicinn agus áilleachta, táirgí cúraim leanaí, táirgí sláinteachais do mhná, agus táirgí sláinte riachtanacha amhail folcadh béil agus taos fiacla. I measc bhrandaí Kenvue tá Listerine, Nicorette, Neutrogena, agus o.b.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12330 — KIMBERLY-CLARK / KENVUE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').